CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 66/2020

an 30 Aibreán 2020

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/491]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/819 ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coinbhleachtaí leasa, tomhas tionchair shóisialta agus faisnéis d'infheisteoirí i réimse cistí fiontraíochta sóisialta Eorpacha ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/820 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coinbhleachtaí leasa i réimse cistí caipitil fiontair Eorpacha ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 31bda (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 593/2014 ón gCoimisiún):

   '31bdb. **32019 R 0820**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/820 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coinbhleachtaí leasa i réimse cistí caipitil fiontair Eorpacha (IO L 134, 22.5.2019, lch. 8).'

2. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 31bea (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 594/2014 ón gCoimisiún):

   '31beb. **32019 R 0819**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/819 ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coinbhleachtaí leasa, tomhas tionchair shóisialta agus faisnéis d'infheisteoirí i réimse cistí fiontraíochta sóisialta Eorpacha (IO L 134, 22.5.2019, lch. 1).'

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Tarmligthe (AE) 2019/819 agus (AE) 2019/820 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2020, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 64/2018 ó Chomhchoiste LEE an 23 Márta 2018 ([3]), cibé acu is déanaí.

([1]) IO L 134, 22.5.2019, lch. 1.
([2]) IO L 134, 22.5.2019, lch. 8.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([3]) IO L 26, 30.1.2020, lch. 60.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Aibreán 2020.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Clara GANSLANDT